Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13731/25**

**TELECOM 348**
**COMPET 993**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 723 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 723 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 723 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2025
COM(2025) 723 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga**

GA GA

## 1. Réamhrá

Tá an Intleacht Shaorga ('IS') ag dul chun cinn ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo le cumais a gheallann tionscail iomlána agus an earnáil phoiblí a athmhúnlú[1]. Le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí intleachta saorga (amhail ardsamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, gníomhairí intleachta saorga, leathchúplaí digiteacha agus samhlacha intleachta saorga beaga speisialaithe), tugtar deis uathúil don Aontas borradh a chur faoin nuálaíocht, dlús a chur le méadú táirgiúlachta, agus a neart iomaíoch agus a cheannasacht theicneolaíoch a dhaingniú. D'ainneoin bonn tionsclaíoch láidir agus éiceachóras bríomhar gnólachtaí nuathionscanta, tá forbairt agus glacadh IS laistigh den Aontas fós teoranta, agus ní úsáideann ach 13,5 % de ghnólachtaí agus 12,6 % de FBManna[2] - cnámh droma gheilleagar an Aontais - na teicneolaíochtaí sin.

Ag tógáil ar an bPlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga agus ar ghealltanas an Aontais Intleacht Shaorga dhuinelárnach iontaofa a chur chun cinn, i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga[3], dírítear sa Straitéis ar leas a bhaint as acmhainneacht chlaochlaitheach na hintleachta saorga, a fheidhmeoidh mar chatalaíoch le haghaidh breis comhtháthaithe ingearaigh. Is é is aidhm di **borradh a chur faoi úsáid na hintleachta saorga**, go háirithe i measc FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, agus **comhtháthú IS a éascú** chun iomaíochas thionscail na hEorpa a fheabhsú, go háirithe na tionscail is straitéisí. Féachtar léi **leas a bhaint as tairbhí sochaíocha níos leithne** na hintleachta saorga, ó dhiagnóisí cúraim sláinte níos luaithe agus níos cruinne a chumasú go héifeachtúlacht agus inrochtaineacht na seirbhísí poiblí a fheabhsú fad a chloítear le prionsabail an neamh-idirdhealaithe Thairis sin, féachann sí le **cumais an Aontais a neartú agus barr feabhais a bhaint amach san intleacht shaorga cheannródaíoch**.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, cuireann an Straitéis athrú chun cinn ar an gcaoi a dtéann cuideachtaí agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí i ngleic le fadhbanna a réiteach. Ach **beartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga** a ghlacadh, spreagtar iad chun an intleacht shaorga a chomhtháthú bunaithe ar réitigh Eorpacha. Tríd an intleacht shaorga a ghlacadh - agus meastóireacht á déanamh freisin ar na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi - is féidir le cuideachtaí Eorpacha iad féin a chur in oiriúint dá tionchar claochlaitheach, lena n-áirítear ar eagrú na háite oibre agus riachtanais oiliúna. Ní hamháin **gur fearr a éiríonn le cúrsaí gnó** leis an gcur chuige sin ach **cothaítear leis freisin láithreacht straitéiseach Eorpach a fhorbairt ag sraitheanna éagsúla na gcruach IS**[4], ina mbíonn oibrithe rannpháirteach agus lena dtacaítear le héiceachóras láidir ceannasach IS de chuid an Aontais a chruthú.

---

[1]Féach, mar shampla, tuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, *Generative AI Outlook Report* [Tuarascáil Ionchais ar an Intleacht Shaorga Ghiniúnach]: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/9f7e0b86-477c-11f0-85ba-01aa75ed71a1/language-en

[2] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/isoc_eb_ai/default/table?lang=en

[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401689

[4]Is éard is cruach IS ann bailiúchán teicneolaíochtaí, creataí agus bonneagair a oibríonn le chéile chun córais intleachta saorga a thógáil, a chur in úsáid agus a mhéadú, lena n-éascaítear a n-úsáid.

Ag tógáil ar na léargais a bailíodh trí chomhairliúchán poiblí[5] agus pléití earnála[6] le roinnt míonna anuas, tá an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga bunaithe ar thrí phríomhchuid[7]:

- **Tionscnaimh shuaitheanta earnála a chur i láthair** - chun borradh a chur faoi úsáid IS i bpríomhearnálacha tionsclaíocha gheilleagar an Aontais agus san earnáil phoiblí.
- **Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnaí** - chun tacú le méadú ar ghlacadh na hIntleachta Saorga i measc FBManna; lucht saothair atá ullamh don intleacht shaorga a chumasú ar fud earnálacha; ardchumais IS a ghiaráil; agus muinín sa mhargadh a áirithiú.
- **Sásra rialachais aonair a bhunú** - a dhéanfaidh ceannródaíocht ar chur chuige earnála agus a chothóidh próiseas dinimiciúil comhair i measc páirtithe leasmhara. Seolfaidh sé Faireachlann um an Intleacht Shaorga freisin chun eochairtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí IS, ar thionchar IS agus ar threochtaí amach anseo.

Ag gabháil leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga tá an **Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht**, lena bhfógraítear an Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip (RAISE) mar thionscnamh suaitheanta agus lena gcumhdaítear glacadh IS ar fud disciplíní eolaíocha. Comhlánófar é leis an **Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach**, lena n-osclófar foinsí nua tacar sonraí mórscála ardcháilíochta a bhfuil gá leo chun algartaim a oiliúint.

## 2. Tionscnaimh shuaitheanta earnála a chur i láthair

D'fhéadfadh IS athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn tionscail, ar an gcaoi a n-oibríonn rialtais, agus ar an gcaoi a gcruthaítear luach sa gheilleagar. Is féidir leis feabhas a chur ar iarrachtaí simpliú a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin iomaíochas. Sna foranna seo a leanas leagtar amach tionscnaimh shuaitheanta chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin earnála agus chun tacú le cur chuige an bheartais ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga. Eascraíonn siad as aiseolas tosaigh na bpáirtithe leasmhara a bailíodh trí chomhairliúchán poiblí[8], trí ghlao ar fhianaise[9] agus trí 17 n-idirphlé struchtúrtha teicniúla (Iarscríbhinn 1) leis na príomhghníomhaithe earnála.

Le glacadh na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, cuirtear tús le turas claochlaitheach a thabharfar cothrom le dáta go leanúnach agus a leathnófar a bhuí leis na hionchuir a fuarthas ón sásra rialachais ar a dtugtar tuairisc sa chaibidil dheireanach den Straitéis. Fágann sé sin go bhféadfaí na gníomhaíochtaí seo thíos a chomhlánú amach anseo le tionscnaimh nua in earnálacha eile - amhail airgeadas, turasóireacht agus ríomhthráchtáil. Chun gníomhaíochtaí na Straitéise seo a chur ag obair, beidh thart ar EUR 1 bhilliún á shlógadh ag

---

[5] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14625-Apply-AI-Strategy_ga
[6] Eagraíodh 17 n-idirphlé struchtúrtha earnála agus 2 idirphlé pholaitiúla ardleibhéil le roinnt míonna anuas: féach an tábla san Iarscríbhinn.
[7] Tá na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair sa Straitéis gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE agus do rialacha ábhartha an Aontais in aghaidh trustaí.
[8] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14625-Apply-AI-Strategy/public-consultation_ga
[9] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14625-Apply-AI-Strategy_ga

an gCoimisiún óna chláir chistiúcháin[10], cistiú a mbeidh éifeachtaí tábhachtacha giarála ag baint leis dar leis an earnáil.

### *2.1. Cúram sláinte, lena n-áirítear táirgí cógaisíochta*

Tá seans maith ann gur féidir leis an intleacht shaorga earnáil an chúraim sláinte agus na cógaisíochta a athrú ó bhonn agus beatha daoine ar fud an Aontais a fheabhsú, agus a shábháil fiú. Is féidir léi tacú le cinntí cliniciúla níos luaithe agus níos cruinne, an t-ualach riaracháin ar ghairmithe cúraim sláinte a laghdú, tacú le próisis riaracháin, agus torthaí othar a fheabhsú ó thús deireadh an phróisis cúraim. I bhfianaise brú breise ar chórais cúraim sláinte, cuireann IS uirlisí nithiúla ar fáil lena bhfeabhsófar an éifeachtúlacht agus an cháilíocht, lena n-áirítear i gceantair ar a ndéantar tearcfhreastal nó i gceantair iargúlta ina bhfuil ospidéil, speisialtóirí nó seirbhísí diagnóiseacha ar an ngannchuid. Lasmuigh de ghnáthchúram sláinte, mar a chuirtear i dtábhacht i Straitéis Frithbheart Leighis an Aontais[11], cuirfidh an Coimisiún **úsáid uirlisí IS le haghaidh ullmhacht agus freagairt i gcomhair géarchéimeanna sláinte** chun cinn freisin, lena n-áirítear bagairtí sláinte le a bhrath agus faireachán níos tapúla a dhéanamh orthu ar mhaithe le faisnéis frithbheart leighis.

Tá glacadh na hintleachta saorga ar fud an Aontais fós teoranta agus míchothrom, áfach, agus is amhlaidh dá comhtháthú i sreafaí oibre cliniciúla agus i bpróisis riaracháin[12]. I measc na mbacainní tá infhaighteacht sonraí ardcháilíochta, ilchineálacht na mbonneagar, chomh maith le litearthacht theoranta IS, scileanna teoranta IS agus muinín theoranta aisti i measc gairmithe cúraim sláinte. Tá gníomhaíochtaí ag teastáil chun infheistíocht a chothú, an nuálaíocht a dhreasú, agus comhar ildisciplíneach trasteorann a chur chun cinn ionas gur féidir leis an intleacht shaorga lántairbhe a sholáthar do na córais cúraim sláinte agus do shaoránaigh[13].

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga san earnáil cúraim sláinte, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **ardionaid scagthástála IS-chuidithe a bhunú san Eoraip** chun dlús a chur le huirlisí nuálacha a thionscnamh ar mhaithe le cosc agus diagnóisiú i saoráidí cúraim sláinte agus chun seirbhísí cúraim sláinte a thabhairt chuig limistéir tearcfhreastail. Is é is aidhm don tionscnamh feabhas a chur ar an luathbhrath agus diagnóis thráthúil a áirithiú, go háirithe i gcás galair chardashoithíocha agus ailse. Saothrófar cur chuige leis chun a áirithiú go gcuirfear tosca inscne-shonracha san áireamh i scagthástáil agus i ndiagnóisiú IS-chuidithe[14]. Trí réitigh IS a chur in úsáid, tacóidh na lárionaid sin le bailíochtú cliniciúil san fhíorshaol agus le tástáil feidhmíochta áitiúil agus ginfear fianaise iontu le haghaidh glacadh cliniciúil[15]. Éascóidh an líonra sin d'ionaid IS-

[10]Lena n-áirítear go háirithe Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, EU4Health agus Eoraip na Cruthaitheachta.
[11] COM(2025) 529 final
[12] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/9ddf7bf8-62bf-11f0-bf4e-01aa75ed71a1/language-en#:~:text=Using%20a%20mixed%20methods%20approach%2C%20entailing%20a%20literature,and%20business%20challenges%2C%20and%20social%20and%20cultural%20barriers
[13]Mar shampla, trí Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus trína Líonra Saineolais san Ailse agus trí Líonra an Aontais lena nasctar Ionaid Chuimsitheacha Náisiúnta Ailse atá aitheanta.
[14] Mar shampla, féach: *Gender medicine: effects of sex and gender on cardiovascular disease manifestation and outcomes | Nature Reviews Cardiology*.
[15]Leagfar síos bunchlocha don obair sin le gníomhaíochtaí a chisteofar faoin gclár oibre Cosc ar Rith Sonraí 2025-2027 agus faoin tionscadal COMPASS-AI.

chuidithe rochtain ar thacair sonraí ardcháilíochta lena gcuirfear leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[16] chomh maith leis na bonneagair dhigiteacha Eorpacha le haghaidh íomháú na hailse[17] agus sonraí géanómaíocha[18], agus tacóidh sé le samhlacha intleachta saorga a bhfuil gealladh fúthu a thástáil agus a bhailíochtú, lena n-áirítear le haghaidh cosc pearsantaithe. Cuirfidh sé sin leis na gníomhaíochtaí ábhartha faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, faoin Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa agus faoi Phlean Sláinte Cardashoithíoch an Aontais atá ar na bacáin.

- **líonra Saineolais Eorpach maidir le Cur in Úsáid IS sa Chúram Sláinte a bhunú** chun treoirlínte agus dea-chleachtais a chomhdhlúthú. Cuirfidh sé beartleabhair cur in úsáid, treoirlínte lena n-áirítear maidir le bailíochtú áitiúil (feidhmíocht sa chleachtas cliniciúil) agus faireachán iar-úsáide ar fáil, dearfaidh sé prionsabail agus leagfaidh sé síos an dúshraith chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le IS a chur in úsáid sa chúram sláinte.

Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ag IS ar **fhorbairt cógas** freisin, ó dhlús a chur le fionnachtain táirgí teiripeacha go tacú leis an bhfaireachán a dhéantar ar a n-éifeachtaí díobhálacha. Is féidir le samhaltú agus ionsamhlú IS-bhunaithe dlús a chur le fionnachtain roghanna núíosacha réimeanna cógas agus úsáidí teiripeacha nua a aithint le haghaidh cógais atá ann cheana, amhail antaibheathaigh nua, mar shampla, agus na tuartha sábháilteachta agus éifeachtúlachta a fheabhsú. Dá thoradh sin, tháinig méadú faoi 20 ar an líon paitinní IS a bhaineann le cúram sláinte a fhoilsítear go bliantúil i mBallstáit an Aontais idir 2016 agus 2024[19]. Chun acmhainneacht iomlán na hintleachta saorga a bhaint amach i bhforbairt cógas, beidh gá le dul chun cinn leanúnach maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha láidre a thógáil, mar aon le dícheall a dhéanamh chun a n-iontaofacht, a dtrédhearcacht agus a n-ábharthacht chliniciúil a áirithiú - tosaíocht an-tábhachtach chun an nuálaíocht a spreagadh san earnáil bith-theicneolaíochta[20].

Is féidir le feistí leighis ina gcuimsítear feidhmchláir IS leas a bhaint as dul chun cinn ollmhór maidir le cúram sláinte a chur ar fáil i gcomhthéacs na ndúshlán atá roimh an gcóras sláinte faoi láthair amhail ganntanas lucht saothair. Tá sé tábhachtach go gcruthódh creat rialála an Aontais timpeallacht thacúil don nuálaíocht.

**Chun tacú le glacadh IS i bhforbairt cógas, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **dúshlán fionnachtana táirgí teiripeacha leis an intleacht shaorga a sheoladh le haghaidh táirgí teiripeacha féideartha nua a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu faoi láthair agus cóireáil a dhéanamh ar ghalair ar deacair iad a leigheas, amhail galar Alzheimer nó ailsí áirithe.** Gheobhadh buaiteoir an dúshláin rochtain thiomnaithe ar chumas ríofa Monarchana IS agus gheobhadh sé comhairle ar an gcaoi lena chuid fionnachtana a chur ar an margadh.

[16] https://health.ec.europa.eu/ehealth-digital-health-and-care/european-health-data-space-regulation-ehds_en
[17] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/cancer-imaging
[18] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/1-million-genomes
[19] Staidéar ar IS a chur in úsáid sa chúram sláinte - An Coimisiún Eorpach, 2025
[20] Tá an Coimisiún tiomanta d'obair a dhéanamh ar an méid sin freisin sa Ghníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht atá ar na bacáin, a mbeidh sé d'aidhm aige an nuálaíocht a chumasú agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais in earnálacha bith-theicneolaíocha.

- **gníomhaíochtaí iomchuí a mholadh chun iontráil níos tapúla feistí leighis sa mhargadh a chumasú gan sábháilteacht a chur i mbaol.**

### *2.2. Róbataic*

Tá an Eoraip, áit ar suiteáladh níos mó ná 90 000 róbat tionsclaíoch in 2023 agus ina bhfuil breis is 400 táirgeoir róbataice seirbhíse, ar thús cadhnaíochta réabhlóid na róbataice, an 'intleacht shaorga fhisiciúil'. Ag tógáil ar an mbarr feabhais sa mheicitreonaic, i mbraiteoirí agus i micririaltáin, cuirfidh comhtháthú na hintleachta saorga ar a gcumas d'fhorbróirí san Aontas réimse nuálaíochtaí a chothú, ó róbait chognaíocha go dróin uathrialaitheacha, a mbeidh tionchar forleathan acu i gcúrsaí monaraíochta, cúraim sláinte, talmhaíochta, cosanta, etc. Tá an tAontas ag cruthú go maith i réimse na róbataice tionsclaíche, áit a gcumasaítear idirghníomhaíocht shábháilte agus éifeachtúil idir duine agus róbat le róbait chomhoibríocha, chun cuidiú le ganntanais saothair a mhaolú agus leis an méid ama a chaitheann oibrithe i mbun cúraimí tuirsiúla nó guaiseacha a laghdú. Mar sin féin, ní mór an róbataic a fhorbairt a thuilleadh trí IS giniúnach a chomhtháthú agus réitigh Eorpacha a ghlacadh más mian leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i gcónaí maidir le nuálaíocht sa deighleog sin.

**Chun tacú le glacadh IS san earnáil róbataice, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **catalaíoch a bhunú le haghaidh ghlacadh na Róbataice Eorpaí**, lena dtabharfar le chéile na forbróirí agus tionscail na n-úsáideoirí chun dlús a chur le forbairt agus glacadh réiteach Eorpach a fhreagraíonn do riachtanais an mhargaidh. Déanfar é sin i gcomhar le Comhlachas Sonraí agus Róbataice na hIntleachta Saorga[21]. Sa chomhthéacs sin, cisteoidh an Coimisiún **Píblínte Luasghéaraithe a fhorbairt ar bhonn earnála le haghaidh róbataice IS-chuidithe a ghlacadh**, lena ndíreofar ar chásanna úsáide ardtionchair, a dtabharfar tosaíocht dóibh i ndlúthchomhar le tionscail úsáideoirí deiridh, lena n-áiritheofar go mbeidh an nuálaíocht ag ailíniú le fíor-riachtanais dhomhanda.

### *2.3. Monaraíocht, innealtóireacht agus tógáil*

Tá 2,2 milliún fiontar in earnáil monaraíochta na hEorpa, FBManna den chuid is mó, tá 30 milliún duine fostaithe inti agus gineann sí thart ar 14 % de OTI an Aontais[22]. Ó fhorbairt ábhar nua (níos glaine) go slabhra soláthair agus lóistíocht, áirítear leis an monaraíocht réimse leathan deighleog idirghaolmhar a chuimsíonn tionscail thraidisiúnta agus ardteicneolaíochta go tógáil nó lóistíocht. D'ainneoin láidreachtaí an Aontais sa mhonarú meánteicneolaíochta go hardteicneolaíochta in earnálacha amhail innealtóireacht mheicniúil agus leictreach, ceimiceáin agus innealra, tá an táirgeadh á athlonnú chuig réigiúin ísealchostais, rud a laghdaíonn an t-iomaíochas agus a lagaíonn athléimneacht agus uathriail straitéiseach. Mar sin féin, d'fhéadfaí an treocht sin a aisiompú le hacmhainneacht chlaochlaitheach na hintleachta saorga agus an uathoibrithe.

Is féidir leis an intleacht shaorga feabhas a chur ar éifeachtúlacht, beachtas agus inoiriúnaitheacht i bpróisis táirgthe éagsúla. Bunchloch den chlaochlú sin is ea úsáid a bhaint

---

[21] https://adr-association.eu
[22] 2024, an Banc Domhanda, Trading Economics.

as leathchúplaí digiteacha IS-chuidithe, rud a chuireann ar a gcumas do chuideachtaí ionsamhluithe casta agus cásanna 'dá mba rud é' a rith i dtimpeallachtaí fíorúla. Tá siad in úsáid cheana féin ar fud na n-earnálacha monaraíochta sa lá atá inniu ann, rud a éascaíonn an chothabháil thuarthach[23] agus a chuidíonn le hoibriú slabhraí soláthair iomlána, urláir monarchana agus a bpríomhshreafaí oibre táirgthe a dhearadh agus a bharrfheabhsú. Ach samhlacha digiteacha cliste d'fhoirgnimh, de tháirgí, de mheaisíní agus de phróisis mhonaraíochta a chruthú, is féidir le cuideachtaí a n-oibríochtaí a thástáil, a fheabhsú agus a mhionchoigeartú sula ndéanfar athruithe faoi fhíordhálaí domhanda.

**Chun tacú le glacadh na hintleachta saorga san earnáil monaraíochta, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **tacú le samhail intleachta saorga ceannródaíche a fhorbairt agus le gníomhairí IS a fhorbairt a oiriúnófar don mhonaraíocht.** Ag tógáil ar na Spásanna Sonraí don Mhonaraíocht[24] agus ar an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach atá ar na bacáin, éascóidh an Coimisiún comhthiomsú sonraí ar fud gníomhaithe tionsclaíocha **trí thríú páirtithe iontaofa**, chun méid leordhóthanach sonraí oiliúna a áirithiú, agus maoin intleachtúil agus slándáil sonraí a chaomhnú freisin agus úsáid á baint, de réir mar is ábhartha, as na saotharlanna sonraí i Monarchana IS.
- **forbairt Píblínte Luasghéaraithe a chistiú chun IS a ghlacadh sa mhonaraíocht, chun an bhearna idir saotharlanna taighde agus cur in úsáid a dhúnadh ar bhealach níos éifeachtaí**. Cuirfidh na tionscadail sin dlús le réitigh mhonaraíochta IS-chuidithe leis an intleacht shaorga a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais an tionscail, trí thacaíocht leanúnach a chur ar fáil, rud a áiritheoidh go rachaidh na réitigh sin chun cinn ón tsaotharlann go dtí ardleibhéal aibíochta a oirfidh d'fheidhmeanna faoi fhíordhálaí domhanda.

### *2.4. An chosaint, an tslándáil agus an spás*

Tá IS tagtha chun cinn mar theicneolaíocht shuaiteach chriticiúil a bhfuil tionchar ollmhór aici ar an ngeopholaitíocht, ar an tslándáil agus ar an gcosaint. Mar a cuireadh i dtábhacht sa **Pháipéar Bán maidir le Ullmhacht Cosanta na hEorpa 2030**[25], tá cineál na cogaíochta á athrú ó bhonn ag teicneolaíochtaí nua lena n-áirítear IS[26]. Meastar go dtiocfaidh méadú as cuimse ar ról na hintleachta saorga sa chosaint i bhfianaise méadú spéise i bhfeidhmchláir dé-úsáide IS agus, go háirithe, an ionchais go bhféadfadh samhlacha ceannródaíocha ceannas straitéiseach agus míleata a thabhairt. Is féidir le IS buntáiste straitéiseach a chumasú i gcás ina n-úsáidtear í le haghaidh feithiclí gan foireann agus feasacht staide agus chun patrúin a aithint ar an láthair chatha, le haghaidh airm tacaíochta (amhail aerárthaí troda) nó nuair a úsáidtear í chun cuid de na táirgí a bhaineann le cosaint, amhail dróin, a uathoibriú. Mar a fógraíodh sa Pháipéar Bán, cuirfear an **Treochlár um Chlaochlú Cosanta Eorpach** síos faoi dheireadh 2025 chun leabú níos tapúla teicneolaíochtaí suaiteacha criticiúla a chothú, lena n-áirítear IS, i

[23] Sonraí braiteoirí ó innealra a anailísiú chun teip trealaimh a thuar sula dtarlóidh sí.
[24] https://manufacturingdataspace-csa.eu/
[25] https://www.eeas.europa.eu/eeas/white-paper-for-european-defence-readiness-2030_en
[26] Sa Treochlár Cur Chun Feidhme maidir leis an Intleacht Shaorga sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála agus sa Chomhbheartas Slándála agus Cosanta, atá ar na bacáin, leagfar amach creat le haghaidh gníomhaíocht chomhordaithe chun cumais IS sa tslándáil agus sa chosaint a chur chun cinn.

gcumais chosanta, chun ullmhacht cosanta Eorpach a bhaint amach faoi 2030, i gcomhréir le leasanna agus cuspóirí eacnamaíocha agus slándála an Aontais.

Ina theannta sin, cómhaoiníonn an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, acmhainneachtaí ríomhaireachta lena n-áirítear i sineirge le cosaint. Is féidir leis na Ballstáit, trína bpleananna náisiúnta, tairbhe a bhaint freisin as **Gníomhaíocht Slándála don Eoraip** chun infheistíocht a dhéanamh i bpríomhréimsí cosanta, lena n-áirítear trealamh IS-chuidithe agus an chibearshlándáil.

Thairis sin, san **Fhís le haghaidh Gheilleagar Spáis na hEorpa**[27] aithnítear ról ríthábhachtach na hintleachta saorga maidir le hiomaíochas agus athléimneacht earnáil spáis an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Déanann IS athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéantar córais spáis a dhearadh, a mhonarú agus a oibriú. Ar an gcaoi chéanna, tá IS ríthábhachtach don bhonneagar ar talamh chun déileáil le meigeabhuíonta a bheidh ann amach anseo agus chun cumais samhaltaithe mórshonraí spásbhunaithe a nochtadh. Sin é an fáth, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht chórais spáis an Aontais, go gcothóidh an Coimisiún, i gcás inarb infheidhme, timpeallacht lena n-éascófar comhtháthú cumas agus teicneolaíochtaí IS, chun feidhmíocht, éifeachtúlacht agus slándáil a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, tacóidh an Coimisiún le samhlacha ceannasacha ceannródaíocha agus córais intleachta saorga gníomhaíche a fhorbairt, rud a áiritheoidh go mbeidh an tsábháilteacht leabaithe trí dhearadh.

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga in earnáil na cosanta agus an spáis, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **dlús a chur le forbairt agus le cur in úsáid fheasacht staide IS-chumasaithe agus acmhainneachtaí C2 (Ceannasaíochta agus Rialaithe) Eorpacha** tríd an gCiste Eorpach Cosanta, agus réitigh ailtireachta oscailte dé-úsáide le haghaidh slándáil teorann agus cosaint bonneagair chriticiúil a dhreasú freisin, lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht chun tacú le tionscadail shuaitheanta um chosaint, lena n-áirítear Faireachán ar an gCliathán Thoir agus an Balla Frithdhrón, go háirithe chun gnéithe uathrialaitheacha a chomhtháthú i réitigh éagsúla.
- **bonneagar straitéiseach tiomnaithe Eorpach d'acmhainneachtaí ríomhchumhachta ar ardchaighdeán slándála a chur in úsáid** (e.g. monarcha/gigeamhonarcha IS) a chur in úsáid chun oiliúint a chur ar shamhlacha IS don chosaint agus don spás agus chun feidhmchláir IS chosanta agus spáis a fhorbairt.
- **tacú le comhlíontacht IS i dtaca le monaraíocht agus le hoibríochtaí spáis an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh bonneagar infhithise agus bonneagar ar talamh**, trí ardmhonarú, róbataic, imeall-ríomhaireacht thiomnaithe/ríomhaireacht infhithise thiomnaithe, líonraí sonraí spásbhunaithe, trealamh próiseála comharthaí, córais cheannais agus rialaithe.

Déanfaidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí na gníomhaíochtaí tosaíochta thuasluaite a chomhghaolú leis na gealltanais, na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí comhordaithe arna nglacadh ag na Ballstáit trí phróiseas an Treochláir maidir le hUllmhacht Cosanta, chomh maith le creat agus tionscnaimh ábhartha arb é is aidhm

[27] https://defence-industry-space.ec.europa.eu/vision-european-space-economy_en

dóibh dlús a chur le glacadh IS i réimse na cosanta, lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach Cosanta agus Mol Nuálaíochta Cosanta an Aontais de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint a ghiaráil.

Mar a cuireadh i dtábhacht in **ProtectEU – an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach**[28], tá an intleacht shaorga ina huirlis fhíor-riachtanach freisin chun an tslándáil inmheánach agus an chibearshlándáil a áirithiú, de réir mar a bhíonn ar Stáit agus ar shaoránaigh aghaidh a thabhairt ar bhagairtí digiteacha atá ag éirí níos casta agus ag athrú go tapa. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus eagraíochtaí coiriúla eagraithe as teicneolaíochtaí IS-bhunaithe chun raon a ngníomhaíochtaí aindleathacha a luathú, a mhéadú agus a leathnú. Déantar an chibearchoireacht, an tsabaitéireacht agus an sceimhlitheoireacht a chumasc ina n-ionsaithe hibrideacha, áit a ndéanann gníomhaithe mailíseacha an intleacht shaorga a dhúshaothrú go minic. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear réitigh IS-bhunaithe ar fáil go pras le haghaidh na slándála inmheánaí agus na cibearshlándála. Leis sin, tacófar le hobair na n-údarás maidir le cúraimí slándála casta a dhéanamh, cuidiú le húsáid mhailíseach na hintleachta saorga a chomhrac, aimhrialtachtaí a bhrath, anailís a dhéanamh ar theagmhais agus freagairt ar bhealach níos éifeachtaí dóibh. Cumasófar leis ionsaithe a shainaithint níos tapúla, cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh, agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní.

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga sa tslándáil inmheánach, lena n-áirítear in earnáil na cibearshlándála, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **forbairt agus glacadh réiteach intleachta saorga a chothú[29] chun críoch slándála inmheánaí,** lena n-áirítear trí thacú le taighde feidhmeach agus nuálaíocht agus trí spreagadh a thabhairt chun réitigh intleachta saorga a saincheapadh lena n-úsáid sa tslándáil inmheánach a chur ar an margadh.
- **tionscadail a chistiú chun uirlisí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí cibearshlándála a bhraitheann ar IS a fhorbairt agus a chur in úsáid** lena dtabharfar aghaidh ar bhagairtí a bhrath, leochaileachtaí a bhrath, bagairtí a mhaolú, téarnamh ó theagmhais trí fhéinleigheas, anailís sonraí agus comhroinnt sonraí.
- **tacú le hidir-inoibritheacht agus comhtháthú iontaofa na hintleachta saorga in ailtireachtaí, bonneagair agus faireachas ar bhagairtí cibearshlándála,** lena n-áirítear Cibearmhoil agus na Moil um Slándáil Cáblaí atá ar na bacáin, agus le haghaidh timpeallachtaí digiteacha dé-úsáide agus atá ábhartha don chosaint,

### *2.5. Soghluaisteacht, iompar agus mótarfheithiclí*

Tá ríthábhacht leis an earnáil soghluaisteachta do gheilleagar na hEorpa agus don chlaochlú inbhuanaithe san Eoraip. Úsáidtear an intleacht shaorga go forleathan cheana féin agus bíonn an-tionchar aici ar an earnáil, ó optamú bealaí go hardchórais cúnta tiománaí. Tá teicneolaíochtaí uathoibrithe iompair agus soghluaisteachta atá bunaithe ar an intleacht shaorga

[28] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0148
[29] COM(2025)349 final, Treochlár maidir le rochtain éifeachtach dhleathach ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí

ag leathnú go tapa ar fud na modhanna iompair uile. Tacaíonn siad le soghluaisteacht níos sábháilte agus níos inbhuanaithe tríd an sreabhadh tráchta, lóistíocht agus pleanáil iompair a fheabhsú. Le feithiclí uathoibrithe[30], mar shampla, cumasaítear seirbhísí solúbtha costéifeachtacha agus is cuidiú iad chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais tiománaithe[31]. Mar sin féin, is bac ar a n-úsáid iad dúshláin theicneolaíocha, rialála agus eacnamaíocha. Fágann an t-idirghníomhú idir rialacháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais go bhfuil sé níos casta feithiclí uathoibrithe a thástáil faoi fhíordhálaí domhanda agus iad a fhormheas agus a oibriú. Is baic bhreise ar an nglacadh iad ceisteanna iontaoibhe, deacrachtaí rochtain a fháil ar shonraí oiliúna ardcháilíochta, agus úsáid neamhleor bonneagar iompair agus digiteach.

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga san earnáil soghluaisteachta, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- monarchana IS agus gigeamhonarchana a ghiaráil chun **dlús a chur le samhlacha nuálacha IS agus ardáin choiteanna bogearraí a fhorbairt le haghaidh córais uath-thiomána agus córais bainistithe feithiclí uathoibrithe** faoin gComhpháirtíocht Eorpach um shoghluaisteacht Nasctha agus Uathrialaitheach[32].
- **tionscnamh 'Cathracha a bhfuil uaillmhian um thiomáint uathrialaitheach acu' a sheoladh** chun dlús a chur le húsáid seirbhísí oibríochtúla ag obair le soláthraithe Eorpacha mar chuid de na binsí tástála trasteorann mórscála a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an Tionscal Gluaisteán Eorpach. Ag cur leis na moltaí a d'eisigh an Chomhghuaillíocht Eorpach um Fheithiclí Uathrialaitheacha Nasctha[33], díreoidh sé ar fheithiclí uathrialaitheacha IS-chumasaithe (feithiclí róbait) agus ar an gcomaitéireacht uathrialaitheach ó phointe go pointe i gcathracha, ar chomhfhiontair oibríochtúla a bhunú agus bearta nuálaíochta sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga atá réidh le húsáid a ghiaráil maidir le boscaí gainimh rialála agus tástáil faoi fhíordhálaí domhanda.

### *2.6. Cumarsáid leictreonach*

Cuireadh dlús mór le comhtháthú na hintleachta saorga san earnáil ***cumarsáide leictreonaí*** le blianta beaga anuas, a bhfuil éileamh breise ar uathoibriú, optamú líonraí, agus eispéireas custaiméirí a fheabhsú taobh thiar de. Tá straitéisí IS á gcur ar bun ag 65 % d'oibreoirí ar fud an domhain agus réitigh IS-bhunaithe á dtriail go gníomhach acu ar fud oibríochtaí líonra agus seirbhíse do chustaiméirí[34]. Tá acmhainneacht láidir ag IS, go háirithe trí bhainistiú níos cliste

---

[30]Cumhdaítear leis an téarma 'feithicil' gach modh iompair, i.e. iompar de bhóthar, d'iarnród, san aer, ar muir, agus ar uiscebhealaí intíre.
[31] An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, *Requirements for Inclusive Automated Vehicle Services: Insights for Vehicle and Smartphone Application Design* [Ceanglais maidir le Seirbhísí Feithiclí Uathoibrithe Cuimsitheacha: Léargais maidir le Dearadh Feidhmchláir Feithicle agus Fón Cliste], 2025, https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC142261
[32]Ag tógáil ar an bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an Tionscal Gluaisteán Eorpach(https://transport.ec.europa.eu/document/download/89b3143e-09b6-4ae6-a826-932b90ed0816_en). Leis an Meabhrán Tuisceana idir comhpháirtíochtaí 2ZERO, CCSC agus BATT4EU, neartófar a thuilleadh naisc le sliseanna, IS agus róbataic. https://ec.europa.eu/commission/presscorner/api/files/document/print/en/ ip_25_2090/IP_25_2090_EN.pdf
[33]Glao oscailte chun páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht: https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/75555fa5-6d3c-253b-cefc-1c9b4f8daadf.
[34] https://www.gsmaintelligence.com/research/telco-ai-state-of-the-market-q4-2024

ar líonraí agus nuálaíocht seirbhíse[35]. Mar sin féin, níl ach tionchar teoranta sa réimse sin aige go fóill mar gheall ar an nganntanas ardán oscailte agus acmhainneachta in imeallghairis.

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga san earnáil cumarsáide leictreonaí, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **acmhainneachtaí an Aontais i ngairis IS imeall-ríomhaireachta** a chur chun cinn trí thacaíocht thiomnaithe a chur ar fáil faoin gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste agus faoin gComhghnóthas um Shliseanna.
- **ardán Eorpach um IS Telco a chruthú** (gníomhaíocht phíolótach cruach IS faoin gclár don Eoraip Dhigiteach) **d'oibreoirí, díoltóirí agus tionscail úsáideoirí teileachumarsáide** chun eilimintí cruach IS a thógáil go comhoibríoch[36], lena n-áirítear sraitheanna idirghabhála, innealtóireacht sonraí, comhéadain néalríomhaireachta, agus seirbhísí IS, a d'fhéadfaí a bhunú ar an bhfoinse oscailte.

### *2.7. Fuinneamh*

D'fhéadfadh IS éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú fud fad an tslabhra luacha eacnamaíoch. Ó bhainistiú feabhsaithe na n-eangach leictreachais agus comhtháthú fuinnimh in-athnuaite go dtí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana nó acmhainní stórála a optamú. I gcás cuideachtaí, cuidíonn uirlisí IS le fuinneamh a shábháil a bhuí le dearadh optamaithe agus oibriú foirgneamh, costas an fhuinnimh a laghdú trí cheannach/dhíol fuinnimh a uathoibriú. Ar deireadh, is féidir le huirlisí IS-bhunaithe atá ag teacht chun cinn saoránaigh agus gnólachtaí a chumhachtú chun a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus cuidiú chun iad a threorú trí thairiscintí miondíola fuinnimh. An tráth céanna, is earnáil ríthábhachtach é an fuinneamh, lena soláthraítear an leictreachas is gá do gheilleagar digiteach agus lárionaid sonraí na hEorpa atá ag dul i méid.

Mar sin féin, tá glacadh na hintleachta saorga éagothrom san earnáil fuinnimh. Tá dul chun cinn níos moille ann maidir le bainistiú eangach leictreachais, solúbthacht ar thaobh an éilimh[37], agus pleanáil bonneagair[38] mar gheall ar dhiancheanglais sábháilteachta, rialachas ilroinnte agus comhroinnt sonraí atá teoranta.

**D'fhonn úsáid IS a chothú chun bainistiú na heangaí leictreachais agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **tacú le samhlacha IS a fhorbairt lena ndéanfar réamhaisnéis, optamú, leathchúplaí digiteacha, agus cothromú córais laistigh den chóras fuinnimh a chur chun cinn.** Tacófar leis na gníomhaíochtaí sin trí bhonneagar néalríomhaireachta, imeall-ríomhaireachta, Idirlíon na Rudaí Nithiúla mar aon le bogearraí agus uirlisí intleachta saorga a ghiaráil chun feidhmiú mar chnámh droma digiteach ar fud

[35]Lena n-áirítear trí ghléasanna móibíleacha agus imeall-ríomhaireacht.

[36] I gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais, más ábhartha, lena n-áirítear na Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 CFAE maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair.

[37]Tagraíonn solúbthacht ar thaobh an éilimh don chumas an ídiú leictreachais a choigeartú mar fhreagairt ar chomharthaí seachtracha, amhail athruithe ar phraghsanna nó éilimh ón eangach leictreachais. Cuireann sé ar chumas tomhaltóirí a n-úsáid fuinnimh a aistriú, a laghdú nó a mhéadú le linn tréimhsí sonracha, go háirithe le linn buaic-amanna, chun cuidiú leis an eangach leictreachais a chothromú agus chun an gá le hacmhainneacht ghiniúna bhreise a laghdú.

[38]Gach dhá bhliain, forbraíonn an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) plean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais (TYNDP). Níos déanaí, le Treoir 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (an Treoir maidir le Leictreachas), sainordaítear do OCDanna pleananna forbartha líonra dáileacháin (PFL-D) a ullmhú agus a fhoilsiú go tráthrialta.

shócmhainní uile an chórais fuinnimh lena n-áiritheofar comhroinnt sonraí atá slán, éifeachtúil agus iontaofa ar fud an éiceachórais fuinnimh.

Tá feabhas ar thomhaltas agus éifeachtúlacht fuinnimh ar fud earnálacha éagsúla mar thoradh ar IS. Mar sin féin, tomhlaíonn samhlacha forbartha IS agus córais forbartha IS méideanna móra fuinnimh freisin, go háirithe i lárionaid sonraí. Leis an Treochlár Straitéiseach maidir le Digitiú agus IS don Earnáil Fuinnimh atá ar na bacáin, déanfar úsáid IS sa chóras fuinnimh a mhionsaothrú a thuilleadh agus, in éineacht leis an nGníomh um Néalríomhaireacht agus um Fhorbairt IS, tabharfar aghaidh ar straitéisí chun a áirithiú go mbeidh acmhainní fuinnimh ann chun IS a fhorbairt, mar shampla trí éifeachtúlacht fuinnimh i lárionaid sonraí a fheabhsú. Ina theannta sin, is gá feabhas a chur ar an tuiscint atá ar an tionchar atá ag ailtireacht algartam IS ar phatrúin tomhaltais fuinnimh. Dá bhrí sin, mar a fhoráiltear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, **glacfaidh an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú maidir le próisis choiteanna tuairiscithe agus doiciméadachta maidir le tionchar na gcóras intleachta saorga agus na samhlacha ilchuspóireacha ar an tomhaltas fuinnimh.**

### *2.8. An Comhshaol agus an Aeráid*

Tá go leor eagraíochtaí ceannródaíocha san Eoraip ó thaobh na nuálaíochta de i réimse na haeráide agus an chomhshaoil. Ó bhí 2019 ann, mheall gnólachtaí nuathionscanta IS sna hearnálacha sin thart ar EUR 700 milliún i gcaipiteal fiontair[39]. Go háirithe, tá dea-theist ar an intleacht shaorga le fada maidir le faireachán comhshaoil, réamhaisnéis agus faire na Cruinne. Is féidir léi feabhas a chur ar chórais luathrabhaidh le haghaidh dóiteáin, tuilte, triomaigh agus tonnta teasa, cabhrú leis an bhfreagairt ar thubaistí, agus tacú le bainistiú uisce[40] chomh maith le cinnteoireacht maidir le hathléimneacht agus ullmhacht aeráide. Le tionscnaimh cheannródaíocha amhail Destination Earth[41] agus The European Digital Twin of the Ocean[42], soláthraítear ionsamhlúcháin ardtaifigh idirghníomhacha ag a bhfuil cumhacht réamhfháistineach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

Mar sin féin, d’ainneoin an dul chun cinn sin, níl leas á bhaint fós as acmhainneacht iomlán na hintleachta saorga chun gníomhú ar son na haeráide agus an chomhshaoil, mar gheall ar chastacht eolaíoch agus theicneolaíoch an tsamhaltaithe aeráide agus comhshaoil a bhunaítear ar an intleacht shaorga, mar aon le bearnaí leanúnacha acmhainneachta agus scile i measc údaráis áitiúla, FBManna agus na sochaí sibhialta. Is amhlaidh a chuireann éiceachóras ilroinnte na n-uirlisí, na dtacar sonraí agus na seirbhísí IS don aeráid agus don chomhshaol leis na dúshláin sin freisin, rud atá ina bhac ar ghlacadh agus tionchar forleathan IS.

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga san earnáil aeráide agus comhshaoil, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **samhail cheannródaíoch IS foinse oscailte um chóras an Domhain** agus feidhmchláir agus seirbhísí gaolmhara IS-chuidithe lena gcumasófar réamhaisnéisí aimsire níos fearr, faireachán an Domhain, agus cásanna ‘dá mba rud é’ **a chur in úsáid**, mar chéad chéim eile de **Destination Earth**. Cuirfear oiliúint iomlán uirthi i Monarchana IS san Aontas agus leanfaidh sí cur chuige ildisciplíneach lena

[39] https://dealroom.co/eu-apply-ai-climate-environment
[40] Is é is aidhm don Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, a glacadh i mí an Mheithimh 2025, an lorg uisce a laghdú, lena n-áirítear i gcás suiteálacha ríomhaireachta, trína gciorclaíocht a mhéadú trí athúsáid uisce, trí éifeachtúlacht agus trí fhuarú tirim.
[41] https://destination-earth.eu/
[42] https://www.edito.eu/

gcomhtháthófar saineolas éagsúil. Tríd an tsamhail sin, cuirfidh an Coimisiún leathchúplaí digiteacha áitiúla IS-bhunaithe (lena ndéantar sonraí Copernicus[43] atá faoi úinéireacht an Aontais a chomhtháthú) ar fáil d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaithe ábhartha a chuideoidh le rioscaí a thuar agus tionchair an athraithe aeráide a laghdú trí ullmhacht níos fearr agus pleanáil uirbeach agus tuaithe athléimneach[44], chomh maith le seirbhísí chun bainistiú tubaistí agus fóirithint géarchéime a fheabhsú.

### *2.9. Agraibhia*

Tá roinnt príomhréimsí den táirgeadh talmhaíochta á athmhúnlú ag IS cheana féin agus is féidir léi athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a dtáirgtear bia, agus aire a thabhairt don chomhshaol, don aeráid agus do dhaoine[45]. Is féidir le IS feabhas a chur ar fheirmeoireacht bheacht, agus róbait agus meaisíní a úsáidtear le haghaidh obair allamuigh a chumhachtú. Tacaíonn an intleacht shaorga le feirmeoirí cheana féin trí uirlisí comhairleacha faoi thiomáint IS, agus moltaí pearsantaithe a chur ar fáil dá riachtanais shonracha.

Mar sin féin, tá go leor aipeanna don fheirmeoireacht bheacht nach mbaineann an margadh amach de bharr easpa sonraí ardcháilíochta[46] agus formáidí a chomhaontaítear go comhchoiteann nó easpa idir-inoibritheachta idir ardáin atá dúnta nó ceangailte le díoltóir aonair. Thairis sin, is minic a bhíonn drogall ar fheirmeoirí réitigh IS-bhunaithe a ghlacadh mar gheall ar easpa ama agus scileanna, mímhuinín as IS agus éiginnteacht maidir le dliteanas agus faitíos nach mbeidh smacht acu ar chinnteoireacht. Sa chomhthéacs sin, níl ach glacadh teoranta le IS ar fheirmeacha Eorpacha go háirithe nuair a dhéantar comparáid idir é agus réigiúin eile[47].

**Chun tacú leis an mbeartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga san earnáil agraibhia, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **cruthú ardáin IS agraibhia a chur chun cinn lena n-éascófar glacadh uirlisí agus feidhmchláir IS-chumasaithe don fheirmeoireacht speisialaithe.** Leis an ardán sin éascófar fionnachtain agus comhtháthú feidhmchlár, cuirfear leis an muinín i measc feirmeoirí as feidhmchláir IS-chumasaithe agus cuirfear forbairt foinse oscailte chun cinn[48].

### *2.10. Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus na meáin*

Tá acmhainneacht IS in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha ag fás agus bealaí nua don chruthaitheacht á n-oscailt aici. Is féidir leis an intleacht shaorga cabhrú le scannánóirí ag gach céim den léiriú, agus próisis amhail scéalchlárú agus éifeachtaí speisialta a fheabhsú. Is

---

[43] https://www.copernicus.eu/en

[44] Tá acmhainneacht mhór i gceist le IS freisin chun cúnamh a thabhairt luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur i bhfeidhm agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an acmhainneacht sin.

[45] Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia - Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

[46]Cumasóir tábhachtach chun IS a chur chun feidhme go rathúil sa Talmhaíocht is ea córas aitheantais feirme uathúla a bhunú, mar a imscrúdaíodh, i measc nithe eile, sa Chuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach le haghaidh Agraibhia. Cumasóir tábhachtach eile chun go n-éireoidh le IS san earnáil agraibhia is ea feabhas a chur ar nascacht tuaithe.

[47]Fuarthas amach i suirbhé le McKinsey in 2024 nach n-úsáideann ach 27 % de shaothróirí na hEorpa algartaim faireacháin táirgeachta agus go n-úsáideann 49 % díobh rialaitheoirí beacht-spraeála - thart ar leath an ráta glactha sna Stáit Aontaithe (https://www.mckinsey.com/industries/agriculture/our-insights/global-farmer-insights-2024?.com).

[48]Tacófar leis na hiarrachtaí freisin le hionstraimí atá ann cheana amhail an Spás Coiteann Sonraí do Shonraí Talmhaíochta na hEorpa (https://agridataspace-csa.eu/) agus an Chomhpháirtíocht Sonraí Talmhaíochta arna chomhchistiú ag Fís Eorpach.

féidir léi feabhas a chur ar inaimsitheacht meán ar líne, ceoil ar líne agus ábhair liteartha ar líne, as a dtiocfaidh tomhaltas níos éagsúla agus dáileadh ioncaim feabhsaithe do chruthaitheoirí. Is féidir léi éagsúlacht chultúrtha a chothú, agus an t-eolas agus na huirlisí a theastaíonn uathu a chur ar fáil do chruthaitheoirí chun ábhar níos cuimsithí agus níos ilchineálaí a fhorbairt, ina n-áirithítear cuimsiú agus inrochtaineacht míchumais. Is féidir léi giniúint ábhair a phearsantú agus rannpháirtíocht an lucht féachana a mhéadú.

Tacaíonn IS freisin leis an oidhreacht chultúrtha agus is féidir í a úsáid chun críoch éagsúil amhail athchóiriú, atógáil, caomhnú, athúsáid le haghaidh léirithe fíorúla agus rannpháirtíocht níos fónta ó úsáideoirí - ag tacú ar deireadh le hearnálacha gaolmhara eile amhail turasóireacht[49]. Ar an iomlán, cruthaíonn glacadh samhlacha intleachta saorga deiseanna luachmhara le haghaidh comhar idir earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus tionscal na bhfíschluichí suite mar phríomhbhinse tástála le haghaidh nuálaíochtaí atá inaistrithe ar fud tionscail iomadúla.

D’ainneoin na féidearthachtaí a bhaineann léi, tá glacadh IS ar fud earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta fós míchothrom[50], i bpáirt mar gheall ar dhúshláin choiteanna, amhail rochtain ar shamhlacha eiticiúla, trédhearcacha, cuimsitheacha agus ardcháilíochta, luach airgid a chur ar shamhlacha intleachta saorga speisialaithe, foinsí cistiúcháin éagsúla a áirithiú, agus ardscileanna a shaothrú. Ina theannta sin, tá imní ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta faoi úsáid neamhúdaraithe ábhair atá faoi chosaint cóipchirt chun samhlacha intleachta saorga giniúnaí a oiliúint agus faoi aschuir na samhlacha sin rud a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar éagsúlacht chultúrtha, ar chruthaitheacht agus ar iolrachas na meán[51]. Thairis sin, tá dinimic chasta ag baint le mórghnólachtaí teicneolaíochta mór le rá sna hearnálacha a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar chumas nuálaíochta eagraíochtaí beaga.

**Chun tacú le glacadh IS in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas[52]:**

- **forbairt micristiúideonna a chothú ar fud an Aontais a mbeidh speisialtóireacht acu sa táirgeadh fíorúil a fheabhsaítear leis an intleacht shaorga.** Ina theannta sin, tacóidh an Coimisiún le hinfheistíochtaí i bhforbairt agus in úsáid samhlacha intleachta

[49]Cé nach bhfuil an turasóireacht i measc na dtionscal fócais sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, níl aon amhras ach gur spreagadh tábhachtach í do gheilleagar na hEorpa, go rannchuidíonn sí le thart ar 5 % den oll-bhreisluach agus go dtacaíonn sí go díreach le níos mó ná 20 milliún post agus níos mó ná 3 mhilliún fiontar. Mar gheall ar chomhtháthú tapa na hintleachta saorga sa turasóireacht, ó thaobh na dtomhaltóirí agus na n-oibreoirí de, araon, tá an chaoi a bhfeidhmíonn an earnáil á hathmhúnlú. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún d’úsáid IS lena n-urramófar cleachtais eiticiúla agus príobháideachas sonraí, lena gcothófar trédhearcacht agus cuimsitheacht, agus lena spreagfar nuálaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn sa turasóireacht.

[50]Tá réitigh IS-bhunaithe glactha ag 51 % de na cuideachtaí físchluichí, 39 % de na cuideachtaí closamhairc, agus 35 % de na cuideachtaí meán nuachta. Tuairiscíonn 35 % de na cruthaitheoirí ceoil freisin go n-úsáideann siad IS dá saothar. European Media Outlook, an dara heagrán a bheidh ann go luath, Technopolis Group bunaithe ar Shuirbhé EMI Enterprise, 2024.

[51] Maidir le cóipcheart, d’éascaigh an Coimisiún cheana féin Cód Cleachtais a tharraingt suas chun rialacha maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach a mhionsonrú sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Formheasadh gur Chód leordhóthanach a bhí ann do sholáthraithe chun comhlíonadh a n-oibleagáide a léiriú i gcomhthéacs an Ghním um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, agus atá nasctha níos dírí leis an gcóipcheart, ghlac an Coimisiún teimpléad maidir le hábhar a úsáidtear le haghaidh oiliúint intleachta saorga ilchuspóirí agus tá staidéar ar siúl faoi láthair maidir lena indéanta a bheadh clárlann de roghnuithe gan bheith páirteach faoin eisceacht maidir le mianadóireacht téacs agus mianadóireacht sonraí agus tá staidéar eile beartaithe chun tacú leis an measúnú ar na rialacha sa Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach, lena n-áirítear an eisceacht maidir le mianadóireacht téacs agus mianadóireacht sonraí. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún próiseas chun Cód Cleachtais nua a tharraingt suas i gcomhthéacs Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar mhaithe le trédhearcacht an ábhair a ghintear leis an intleacht shaorga.

[52]Chun na bearta a liostaíodh a chomhlánú, molfaidh an Coimisiún Straitéis IS d’earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun a áirithiú thairis sin go gcumasóidh agus go dtreiseoidh IS cruthaitheacht an duine agus go gcoimirceofar ilchineálacht chultúrtha agus teanga na hEorpa freisin.

saorga Eorpacha a dhíreoidh ar scéalaíocht idirghníomhach agus thumthach, lena n-áirítear na meáin, agus ar inaimsitheacht ábhair ceoil agus liteartha ar líne ón Eoraip[53].

- **cuidiú le hardáin uile-Eorpacha a fhorbairt ina n-úsáidfear teicneolaíochtaí ilteangacha IS chun nuacht agus faisnéis fíor-ama ó eagraíochtaí gairmiúla meán ar fud an Aontais a chur ar fáil** do lucht féachana níos leithne. Bainfear leas as IS chun ábhar a aistriú le haghaidh cainéil ábhartha - lena n-áirítear cainéil chraoltóireachta - le haicmiú, aithint, anailís theangeolaíochta agus ábhar a aistriú.
- **staidéar spriocdhírithe a sheoladh chun na dúshláin dhlíthiúla a bhaineann le haschuir na hintleachta saorga a chíoradh** agus **conas coimircí agus teicneolaíochtaí teicneolaíocha úrscothacha, lena n-áirítear IS, a úsáid chun na rioscaí** ó ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga **agus a sháraíonn cóipcheart a chosc agus a mhaolú**, lena n-áirítear tríd an ábhar sin a bhrath agus a bhaint.

### *2.11. Earnáil phoiblí*

Tá acmhainneacht láidir ag IS an rialtas poiblí a dhéanamh níos éifeachtúla[54]. Léirítear i suirbhé ón gCoimisiún[55] gur thuairiscigh 52 % de na bainisteoirí poiblí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil réiteach IS amháin ar a laghad curtha chun feidhme cheana féin ag a rialtas, agus go bhfuil tionscadail nua IS á bpleanáil ag 63 % díobh. Mar an gcéanna, in 2024, thaifead Public Sector Tech Watch[56] os cionn 1200 cás úsáide IS ar fud riaracháin phoiblí an Aontais. Mar sin féin, beidh ríthábhacht le treoraíocht shoiléir inghníomhaithe chun réitigh IS-bhunaithe a chur in úsáid go hiomlán agus go freagrach, go háirithe le haghaidh rialtais nach bhfuil ach ag tosú ar a n-aistear IS. Tá bacainní sonracha fós ann, amhail foinsí sonraí ilroinnte na hearnála poiblí agus inrochtaineacht theoranta ar uirlisí iontaofa IS-bhunaithe, a chuireann srian i gcónaí ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí intleachta saorga. Dá bhrí sin, beidh sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar chlaontachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar agus i scileanna, agus trédhearcacht agus muinín a áirithiú chun IS a chomhtháthú go rathúil san earnáil phoiblí.

Is féidir le riaracháin phoiblí tairbhiú den bheartas ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga, ní hamháin trína gcuid oibre a bheith níos éifeachtúla, a laghdaíonn ualach riaracháin agus rómhaorlathas an ghnó ach freisin trí chuidiú le fás gnólachtaí nuathionscanta IS-bhunaithe mar thoradh ar an éileamh méadaithe ar réitigh IS foinse oscailte de dhéantús na hEorpa. Is féidir, sa tslí sin, ceannasacht IS an Aontais a neartú. Seachas caitheamh leis an intleacht shaorga mar uirlis ar leith, ní mór í a shuí mar shócmhainn straitéiseach a chomhtháthaítear in institiúidí agus seirbhísí[57]. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar an earnáil phoiblí agus, ar an gcaoi sin, ar shaoránaigh, tá sé ríthábhachtach measúnú a dhéanamh ar an tslándáil mar aon leis an neamhspleáchas agus ceannasacht oibríochtúil agus iad a choinneáil ar bun i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Féachann an Coimisiún le dea-shampla a thabhairt, trí

[53]Maoineofar iad leis an gClár don Eoraip Dhigiteach agus le hEoraip na Cruthaitheachta.
[54]Féach, mar shampla, tuarascáil an Airmheáin Chomhphairtigh Taighde ar acmhainneacht na hintleachta saorga giniúnaí le haghaidh na hearnála poiblí: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC139825 Féach, mar shampla, tuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar acmhainneacht na hintleachta saorga giniúnaí le haghaidh na hearnála poiblí: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC139825
[55] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC138684
[56] https://interoperable-europe.ec.europa.eu/collection/public-sector-tech-watch
[57]Ar an gcaoi sin, tá EDIC-CitiVERSE, mar shampla, ag tacú le héiceachóras de chuid an Aontais d'ardréitigh IS le haghaidh cathracha. Gheofar breis eolais ar https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/factpages/citiverse.

bheartais inmheánacha IS a chur chun feidhme ar bhealach nuálach, freagrach agus iontaofa (Iarscríbhinn 2).

**Chun glacadh réiteach IS a chur chun cinn sna hearnálacha poiblí, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **bosca uirlisí IS a thiomnófar do riaracháin phoiblí a fhorbairt**, (lena n-áirítear na breithiúna[58]) ina mbeidh stór i gcomhpháirt d'uirlisí agus réitigh phraiticiúla, foinse oscailte agus in-athúsáidte[59] chun tacú le hidir-inoibritheacht IS[60]. Áireofar sa bhosca uirlisí sin freisin na réitigh IS dá bhforáiltear sa Treochlár maidir le rochtain éifeachtach dhleathach ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí[61]. Anuas air sin, seolfar Conair Ullmhachta na hEarnála Poiblí um IS agus Idir-inoibritheacht chun samplaí praiticiúla céim ar chéim a sholáthar laistigh d'aistear úsáideora, a chuideoidh le rialtais seirbhísí a fhorbairt a shaincheapfar dá riachtanais shonracha.
- **dlús a chur le glacadh réiteach IS giniúnach Eorpach inscálaithe agus inmhacasamhlaithe i riaracháin phoiblí[62] agus béim ar leith á leagan ar an oideachas[63], agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann sa réimse sin á gcur san áireamh.** Áireofar leis sin sraith chuimsitheach uirlisí teicniúla agus beartais a chruthú chun tacú le réitigh intleachta saorga giniúnaí agus gníomhaíche a fhorbairt[64]. Cuirfidh an ghníomhaíocht sin feabhas ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear do shaoránaigh.
- **athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta** chun treoraíocht a ionchorprú **lena gcumasaítear beartais ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga** laistigh de riaracháin phoiblí Eorpacha.

### 3. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnaí

Ag tógáil ar uaillmhianta an Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, tugtar aghaidh sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga ar phríomhdhúshláin thrasnaí chun forbairt agus comhtháthú IS a uas-scálú ar fud earnálacha straitéiseacha an Aontais agus, ar deireadh, an cheannasacht theicneolaíoch a mhéadú.

#### *3.1. Deiseanna a fheabhsú le haghaidh FBManna Eorpacha*

---

[58]Fógrófar gníomhaíochtaí sonracha sa straitéis 'CeartasDigiteach@2030' atá le teacht, arb é is aidhm di éifeachtúlacht an cheartais a fheabhsú, ualaí agus costais riaracháin a laghdú, agus ar an gcaoi sin fás eacnamaíoch a chothú.

[59]Amhail samhlacha ailtireachta, caighdeáin, sonraíochtaí le haghaidh sonraí agus IS, agus clárlanna samhlacha teanga móra.

[60]Foilseofar an bosca uirlisí sin ar shuíomh gréasáin Public Sector Tech Watch agus cuirfear chun cinn é freisin ar an Ardán Eorpach um Intleacht Shaorga ar éileamh mar chuid dá phunann acmhainní réidh le húsáid, rud a chuideoidh le riaracháin phoiblí bogadh ó threoirthionscadail go réitigh IS a chur in úsáid go hoibríochtúil ar mhórscála. Cuirfear Conair Ullmhachta na hEarnála Poiblí um IS agus Idir-inoibritheacht ar fáil trí bhíthin Public Sector Tech Watch agus comhlánófar í le tacaíocht ó Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha a gcuirfear oiliúint sa chiall sin orthu agus a thacóidh le múscailt feasachta.

[61] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52025DC0349

[62]Le cur chun feidhme trí ghlao an tionscnaimh ISgin@AE sa Chlár don Eoraip Dhigiteach (2025-2026 DIGITAL-2025-AI- 08 - *Apply AI:GenAI for the public administrations*). Is é is aidhm don ghlao dlús a chur le glacadh réiteach GenAI inscálaithe agus inmhacasamhlaithe i riaracháin phoiblí trí thacú le suas le ceithre thionscadal phíolótacha i bpríomhréimsí feidhme amhail cinnteoireacht faoi thionchar sonraí, próisis agus oibríochtaí inmheánacha a optamú, idirghníomhaíochtaí le saoránaigh a fheabhsú agus nósanna imeachta dlíthiúla agus riaracháin a shimpliú.

[63]Cuirfidh an Coimisiún forbairt comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus comhar le hearnáil EdTech chun cinn leis an gclár Erasmus+ chun uirlisí na hIntleachta Saorga a dhearadh, a fhorbairt agus a úsáid go heiticiúil san oideachas. Thairis sin, cothóidh sé rannpháirtíocht ó ilpháirtithe leasmhara chun dlús a chur le glacadh éifeachtach agus freagrach na hintleachta saorga san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht spriocdhírithe faoin Mol Oideachais Dhigitigh.

[64]Úsáid a bhaint as IS foinse oscailte bunaithe ar trasfhoirmeoir réamhthraenáilte giniúnach agus gníomhairí comhrá ilteangacha, botaí comhrá ilteangacha.

Tá deacrachtaí ag FBManna Eorpacha, a chumhdaíonn níos mó ná 90 % d'fhiontair na hEorpa[65], maidir leis an intleacht shaorga a ghlacadh. Tá eagla ar go leor díobh go bhfuil an intleacht shaorga róchasta nó róchostasach. Is ar chuideachtaí móra a dhírítear na tairiscintí atá ar fáil ar an margadh nuair is réitigh IS shaincheaptha lena gcuirtear a méid san áireamh atá ag teastáil ó FBManna. Teastaíonn comhairle neamhchlaonta uathu maidir le réitigh IS iomchuí a úsáid. Chun aghaidh a thabhairt ar an méid sin, chruthaigh an Coimisiún, i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit, na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha. Tá níos mó ná 250 Mol lonnaithe go háitiúil agus tacaíonn siad le cuideachtaí iad féin a dhigitiú lena gcumhdaítear níos mó ná 85 % de réigiúin an Aontais[66].

Rinneadh na Moil sin a athfhócasú agus is Ionaid Eispéiris le haghaidh na hIntleachta Saorga iad anois. Beidh na hionaid sin ríthábhachtach chun an bhearna idir an soláthar agus an t-éileamh a dhúnadh agus chun Cruach IS Eorpach a chur chun cinn. Tacóidh siad le beartas an Aontais **ina dtugtar tús áite don intleacht shaorga**, ag cur san áireamh nach mór lucht saothair FBManna a uas-sciliú, agus feidhmeoidh siad mar phointe rochtana pribhléide ar éiceachóras nuálaíochta IS na hEorpa[67]. Cuirfidh siad réitigh Eorpacha chun cinn lena gcothófar fás éiceachóras intleachta saorga ilteanga intíre an Aontais, a bhunófar go háirithe ar fhoinse oscailte.

D'fhonn tacú le réitigh Eorpacha IS a chur in úsáid, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **glao ar léiriú spéise a sheoladh ina n-iarrfar ar chuideachtaí Eorpacha a samhlacha agus a gcórais intleachta saorga a chomhroinnt leis an líonra EDIHanna,** rud a d'fhéadfadh a n-úsáid fhorleathan a chur chun cinn ina dhiaidh sin ar fud earnálacha straitéiseacha Eorpacha.

### *3.2. Lucht saothair ullamh don intleacht shaorga a chumasú ar fud na n-earnálacha*

Ag tógáil ar cholún Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga maidir le scileanna agus tallann, is é is aidhm don Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí a eascraíonn as an aistriú chuig an intleacht shaorga. De réir mar atá comhtháthú na hintleachta saorga in earnálacha straitéiseacha an Aontais ag méadú, is féidir gnáthchúraimí a uathoibriú a thuilleadh agus éifeachtúlacht a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar chleachtais nuálacha, ar chruthaitheacht agus ar réasúnaíocht chognaíoch ar fud gairmeacha, lena n-áirítear i measc dochtúirí, múinteoirí[68] agus innealtóirí. Tugtar le fios sna sonraí atá ann faoi láthair freisin go bhfuil IS ag tacú le fostaíocht cheana féin, agus tuairiscíonn formhór mór na n-oibrithe Eorpacha (67 %) gur chuidigh IS leo a

---

[65] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sbs_sc_ovw/default/table?lang=en&category=bsd.sbs.sbs_ovw

[66] Saintréithe agus cumhdach réigiúnach an Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach: féach an tuarascáil chuimsitheach | Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach

[67] Déanfar é trí chuidiú le heagraíochtaí rochtain a fháil ar bhonneagar agus ar chrua-earraí, trí rochtain ar shonraí agus bainistiú sonraí a éascú, trí uirlisí intleachta saorga éadroma a rith - go costéifeachtach agus go slán - ar néalchórais áitiúla arbh fhéidir gur foinse oscailte iad, agus trí oiliúint thiomnaithe a chur ar fáil.

[68] Is mó é neamhchosaint múinteoirí ar IS ghiniúnach ná 90 % d'oibrithe eile (Stóras Foilseachán an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde - *Generative AI Outlook Report* [Tuarascáil Ionchais ar an Intleacht Shaorga Ghiniúnach]). Chun cuidiú le múinteoirí agus oideoirí, cuirfidh an Coimisiún tacaíocht phraiticiúil ar fáil trí nuashonrú a dhéanamh ar na Treoirlínte Eiticiúla maidir le húsáid IS agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim: Treoirlínte eiticiúla d'oideoirí maidir leis an intleacht shaorga a úsáid - An Limistéar Eorpach Oideachais

gcúraimí a dhéanamh níos tapúla[69]. An tráth céanna, áfach, tá imní fós ann maidir le tionchar IS ar cháilíocht poist agus ar dhíláithriú post[70].

Chun úsáid fhreagrach agus thairbhiúil IS a áirithiú i measc na n-oibrithe uile, is réamhriachtanas iad scileanna oiriúnacha. Ba cheart tús a chur le litearthacht fhiúntach san intleacht shaorga ag leibhéal luathoideachais[71] agus ba cheart go leanfadh sé fad le margadh an tsaothair trí athsciliú agus uas-sciliú.

**I gcás gach earnála den Straitéis, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **rochtain a sholáthar ar oiliúint phraiticiúil litearthachta san intleacht shaorga a shaincheapfar d'earnálacha agus do phróifílí poist tríd an Acadamh Scileanna IS**[72]**,** rud a dhéanfaidh, sa bhreis ar a thairiscint féin, an oiliúint a chuirtear ar fáil le hionstraimí eile de chuid an Aontais a chomhiomlánú. Ba cheart micridhintiúir a bheith mar thoradh ar na seisiúin oiliúna, más féidir[73].
- rannpháirtíocht na tionsclaíochta a spreagadh in uas-sciliú agus athsciliú maidir le IS, lena n-áirítear tríd an g**Comhshocrú um Scileanna**[74], agus soláthróidh sé rochtain ar dheiseanna oiliúna breise d'oibrithe in earnálacha a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu nó atá i mbaol easáitithe, lena n-áirítear mar gheall ar IS, tríd an **Ráthaíocht Scileanna**, a fógraíodh in Aontas na Scileanna[75].

Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún úsáid phraiticiúil agus glacadh forleathan creataí inniúlachtaí ábhartha chun cinn, amhail an **Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh**, a thabharfar cothrom le dáta faoi dheireadh 2025, an Creat um Litearthacht IS sa Bhunoideachas agus sa Mheánoideachas agus creataí breise próifíl-sonracha agus earnáilsonracha.

**I gcás earnálacha diandigiteacha a bhfuil tallann in earnáil na hintleachta saorga de dhíth orthu** - amhail an tsoghluaisteacht, an fuinneamh, an comhshaol, earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (lena n-áirítear na meáin) - **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **cláir 'IS do ghnólachtaí' (máistir feidhmiúcháin) a chistiú** lena bhforbrófar próifílí hibrideacha, amhail innealtóirí IS[76] a mbeidh saineolas acu a bhaineann go sonrach leis an tionscal tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach agus tacaíocht fhéideartha ó Erasmus+[77].
- **'saotharlann fiontraithe IS' a bhunú,** ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana (e.g. ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus ó chomhghuaillíochtaí

---

[69] *Skills empower workers in the AI revolution | CEDEFOP*
[70] *Generative AI and Jobs:A global analysis of potential effects on job quantity and quality* |An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
[71] Le Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha, cuideoidh an Coimisiún le córais oideachais agus le gníomhaithe oideachais san oiriúint don aistriú chuig an intleacht shaorga; borradh a chur faoi litearthacht agus scileanna IS a sholáthar san oideachas foirmiúil agus tacú le hearnáil na teicneolaíochta oideachais Eorpaí.
[72] D'fhógair Aontas na Scileanna (COM(2025) 90 final) athbhreithniú ar acadaimh an Aontais chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ábhartha chun díriú ar na riachtanais a thagann chun cinn.
[73] D'fhéadfadh micridhintiúir a bheith ina gcuidiú chun torthaí eispéireas foghlama saincheaptha beag a dheimhniú. Tríd an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 (2022/C 243/02), tá an Chomhairle ag iarraidh ar na Ballstáit sainmhíniú agus cur chuige coiteann de chuid an Aontais a ghlacadh.
[74] I gcomhthéacs achainí an Choimisiúin a ngeallltanais a dhúbailt, cuid d'Aontas na Scileanna.
[75] I gcomhréir le Treochlár an Aontais um Chearta na mBan: ugach athnuaite chun comhionannas inscne a bhaint amach - an Coimisiún Eorpach
[76] Léirítear i dtuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde go bhfuil innealtóirí IS/ML i measc na bpróifílí poist IS is mó éileamh. Ach na próifílí sin a neartú, agus tairiscint na scileanna sin a leathnú thar dhisciplíní éagsúla freisin, d'fhéadfaí dul i bhfód na hintleachta saorga a mhéadú go mór ar fud na n-earnálacha uile (https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC143488).
[77] E.g. trí na Comhghuaillíochtaí ar son na Nuálaíochta agus na Tréimhsí Oiliúna i nDeiseanna Digiteacha.

d'Ollscoileanna Eorpacha)[78], **lena dtabharfar le chéile sárchéimithe IS agus meantóirí fiontraíochta** ó chuideachtaí IS atá ann cheana agus atá ag iarraidh a samhlacha a leathnú nó an bealach a réiteach do chomhpháirtíochtaí amach anseo.

**Agus tuiscint mhaith aige ar impleachtaí na hintleachta saorga don lucht saothair** agus ar na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi ar fud grúpaí déimeagrafacha, earnálacha agus réigiúin, déanfaidh an Coimisiún **faireachán gníomhach ar thionchar na hintleachta saorga ar mhargadh an tsaothair** chun riachtanais an mhargaidh a réamh-mheas, suaití a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus tacú le beartais iomchuí chuimsitheacha a fhorbairt, lena n-áirítear chun aistriú scileanna a chothú agus díriú ar neamhionannais struchtúracha (e.g. éagothromaíochtaí inscne agus idirghlúine). Beidh na torthaí mar bhonn eolais don Fhaireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna níos leithne, a fógraíodh in Aontas na Scileanna.

Beidh sé ríthábhachtach dul i dteagmháil le fostóirí, le hoibrithe agus le comhpháirtithe sóisialta eile san idirphlé oscailte chun an faireachán sin a chomhlánú.

### *3.3. Ag tacú leis an intleacht shaorga mar thoisc táirgeachta*

Tá an intleacht shaorga ag iompú ina buntoisc táirgeachta go tapa i ngeilleagar an lae inniu, le taobh ionchuir thraidisiúnta, agus d'fhéadfadh foirmeacha éagsúla di a bheith ann. Déanann **samhlacha ilchuspóireacha den intleacht shaorga,** mar shampla, raon leathan cúraimí ar bhealaí solúbtha, rud a fhágann gur gné bhunúsach iad de chuid mhaith feidhmchlár IS. Is iad na samhlacha is forbartha, i bhfianaise a gcumas ceannródaíoch, atá taobh thiar d'fhorbairt **gníomhairí IS**, i.e. córais IS ar féidir leo cinntí agus gníomhaíochtaí a dhéanamh go neamhspleách. Cuireann sé sin ar a gcumas do ghníomhairí foclaíocht a thuiscint, réasúnú a dhéanamh maidir le cúraimí, gníomhaíochtaí a dhéanamh go huathrialaitheach chun cuspóirí réamhshainithe a bhaint amach, agus idirghníomhú leis an saol mórthimpeall orthu, idirghníomhaíochtaí a eagrú, lena n-áirítear le daoine.

Anuas ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, tá **samhlacha speisialaithe, níos lú** ann freisin a oiltear nó a oiriúnaítear chun barr feabhais a bhaint amach i bhfearainn shonracha, amhail diagnóis leighis, taighde dlí agus conraitheoireacht IS, lena gcuirtear tacaíocht shaineolach ar fáil go tapa agus go héifeachtúil. Déantar na samhlacha agus na feidhmchláir speisialaithe sin a tháirgeadh de ghnáth tríd an eolas iontu a dhriogadh/a mhionchoigeartú ina ailtireachtaí níos éadroime a oireann d'úsáid spriocdhírithe éifeachtúil, nó trí uirlisí amhail bunachair eolais sheachtracha a chomhtháthú[79].

Thairis sin, is féidir **leathchúplaí digiteacha**, ar macasamhlacha fíorúla iad de réada nó de phróisis faoi fhíordhálaí domhanda, amhail cóip dhigiteach de mhonarcha, d'fhoirgneamh nó de cholainn dhaonna fiú, a mhéadú le IS ardfhorbartha chun cuidiú le torthaí a thuar agus an fheidhmíocht a optamú trí shamhaltú agus ionsamhlúcháin; is féidir leo sonraí sintéiseacha a ghiniúint freisin, rud an-úsáideach chun oiliúint bhreise a chur ar IS.

---

[78]E.g. treoirthionscadal bunaitheoirí IS EIT: https://www.eitdigital.eu/eit-ai-founders-club-2025/

[79] Is é atá i gceist le **mionchoigeartú**, **samhail intleachta saorga ilchuspóireach** mhór réamhoilte a ghlacadh agus oiliúint bhreise a chur uirthi le **sonraí a bhaineann le fearann sonrach** (e.g., sonraí dlí, leighis, airgeadais) chun í a speisialú le haghaidh cúram nó réimse ar leith. Is teicníc chomhbhrú é **driogadh** ina bhfoghlaimíonn samhail níos lú (an 'mac léinn') le haithris a dhéanamh ar iompraíocht samhla níos mó (an 'múinteoir'), agus an chuid is mó dá chumais siúd a ghabháil i bhfoirm níos dlúithe agus níos éifeachtúla. Is rud úsáideach é go háirithe nuair a chuirtear IS in úsáid i dtimpeallachtaí atá srianta ó thaobh acmhainní de (e.g. gairis mhóibíleacha, imeall-ríomhaireacht).

Leis an dul chun cinn atá déanta faoi láthair le cuimhne, réasúnaíocht agus iompraíocht uathrialaitheach, tá an bealach á réiteach i dtreo na **hIntleachta Ginearálta Saorga**, a thuigtear mar IS atá in ann aon chúram cognaíoch a dhéanamh is féidir le daoine a dhéanamh. Tá samhlacha intleachta saorga ag an teorainn teicneolaíochta, dá ngairtear an Intleacht Shaorga Cheannródaíoch de ghnáth, ag teacht chun cinn mar shócmhainn straitéiseach agus mar chomhpháirt chriticiúil den chruach teicneolaíochta IS. I gcás an Aontais, is tosaíocht é a áirithiú go ndéanfaidh samhlacha Eorpacha a mbeidh cumais cheannródaíocha acu ceannasacht agus iomaíochas a threisiú ar bhealach iontaofa duinelárnach.

Ag tógáil ar a shócmhainní - bonneagar ríomhaireachta den chéad scoth, sárthallann eolaíochta, cur chuige sainiúil agus béim shoiléir ar fhoinse oscailte agus ar shábháilteacht, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **tionscnamh um IS Ceannródaíoch a sheoladh agus a chomhordú chun dlús a chur leis an dul chun cinn i gcumais intleachta saorga ceannródaíche san Eoraip trí phríomhghníomhaithe tionsclaíocha agus acadúla na hEorpa a thabhairt le chéile agus trí thacú le hiarrachtaí straitéiseacha[80].** Díreoidh an tionscnamh sin ar ardchumais a scaoileadh trí ailtireachtaí ceannródaíocha IS agus sonraí ardcháilíochta, agus an acmhainneacht ríomhaireachta arna tairiscint ag monarchana agus gigeamhonarchana IS a ghiaráil. Chun an comhar a chothú, tabharfar an pobal le chéile le glao ar léirithe spéise. Tabharfar aghaidh sa tionscnamh ar scrogaill éiceachórais agus ar an éileamh iartheachtach ó thionscal na hEorpa, rud a chuirfidh feabhas ar an iomaíochas agus ar an gceannasacht i bhforbairt na hintleachta saorga ceannródaíche.

  Mar chuid den tionscnamh sin, seolfaidh an Coimisiún mórchomórtais uile-Aontais chun samhlacha intleachta saorga ceannródaíche oscailte a fhorbairt, samhlacha ar mórspreagthaigh nuála iad. Gheobhaidh na tionscadail sin rochtain saor in aisce ar shár-ríomhairí EuroHPC, agus cuirfear a samhlacha oscailte ar fáil go forleathan d'údaráis phoiblí ar fud na hEorpa agus do phobail eolaíochta agus ghnó Eorpacha.

Leis an ngníomhaíocht sin, comhlánófar an Straitéis Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag Méadú[81] lena n-áirítear Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú chun cistí príobháideacha a shlógadh do cheannasacht theicneolaíoch na hEorpa agus don tionscnamh 'Ón tSaotharlann go hAonbheannach', agus tacófar a thuilleadh leis an Straitéis sin. Ina theannta sin, leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, cuirfear i bhfeidhm na luamháin is gá chun borradh a chur faoin acmhainneacht thionsclaíoch agus chun na margaí a threorú san Aontas. Ach réitigh intleachta saorga de dhéantús na hEorpa a ghlacadh ar fud ár mbonn tionsclaíoch, ginfear éifeachtúlachtaí agus déanfar samhlacha agus éiceachórais mhonaraíochta a nuachóiriú.

Bunchloch chun nuálaíocht maidir le hardsamhlacha IS agus feidhmchláir speisialaithe a spreagadh is ea pobal taighde bríomhar an Aontais. Sa Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht[82] atá ar na bacáin aithnítear taighde, forbairt agus cur in úsáid samhlacha agus gníomhairí IS den chéad ghlúin eile mar thosaíochtaí straitéiseacha don Eoraip, a mbeidh tacaíocht le fáil acu ón gclár Fís Eorpach atá ar siúl faoi láthair agus ón gCiste Eorpach um

---

[80] Beidh an tionscnamh sin nasctha leis an gComhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga.
[81] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/download/2f76a0df-b09b-47c2-949c-800c30e4c530_en?filename=ec_rtd_eu-startup-scaleup-strategy-communication.pdf
[82] Teachtaireacht COM(2025) 543

Iomaíochas atá beartaithe (faoin gcéad CAI eile). Sa chomhthéacs sin, is gá tacú le forbairt cumas intleachta saorga ceannródaíche ceannasaí agus gníomhairí IS, a bhfuil sábháilteacht agus slándáil mar ghnéithe lárnacha díobh.

An tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach borradh a chur faoi thaighde feidhmeach IS chun teicneolaíochtaí a fhorbairt a mbeidh tionchar acu ar fud raon leathan earnálacha. Chuige sin, tríd an gclár Fís Eorpach atá ann faoi láthair, **seolfaidh an Coimisiún taighde spriocdhírithe ar ghníomhairí IS den chéad ghlúin eile a shaincheapfar do na príomhearnálacha um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.**

Cé go dtugtar aghaidh sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga ar thaighde IS chun teicneolaíochtaí intleachta saorga agus a nglacadh a chur chun cinn i ngach earnáil, dírítear sa **Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht**, a chuirtear i láthair in éineacht leis an Teachtaireacht seo, ar ghlacadh na hintleachta saorga sa taighde ar fud na hEorpa sna disciplíní eolaíocha uile. Leagtar amach sa straitéis gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le húsáid agus forbairt IS ag pobal eolaíochta na hEorpa agus chun an úsáid agus an fhorbairt sin a dhreasú. Chuige sin, leis an **Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip**, comhthiomsófar acmhainní straitéiseacha (i.e. cistiú, ríomhaireacht, sonraí agus tallann) chun teorainneacha teicneolaíochta na hintleachta saorga a bhrú chun cinn agus chun leas a bhaint as a hacmhainneacht dul chun cinn eolaíoch a spreagadh.

Feidhmeoidh an Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip feadh dhá phríomhcholún: a) Eolaíocht le haghaidh IS, lena dtacófar le buntaighde chun croíchumais IS a chur chun cinn, go háirithe IS ceannródaíoch atá sábháilte agus slán; agus b) IS san Eolaíocht, lena gcuirfear úsáid IS chun cinn ar mhaithe le dul chun cinn i ndisciplíní eolaíocha éagsúla. Ina theannta sin, cothóidh an Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip idirghníomhaíochtaí idir an dá cholún sin go gníomhach, rud a chumasóidh comhéabhlóid na hintleachta saorga agus na heolaíochta. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh forbartha ar choincheap na hAcmhainne d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip, lena n-áirítear a struchtúr rialachais, agus seolfaidh sé céim phíolótach, a mhínítear a thuilleadh sa Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht. Mar chuid den iarracht sin, tabharfar rogha de phríomhshaotharlanna intleachta saorga Eorpacha le chéile chun linn uathúil barr feabhais san intleacht shaorga a chruthú agus rannchuideofar leis an tionscnamh um IS Ceannródaíoch.

### *3.4. Muinín a áirithiú sa mhargadh Eorpach*

Sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, gheall an Coimisiún an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme ar bhealach soiléir simplí a bheadh fabhrach don nuálaíocht. Tá na toirmisc ar chleachtais lena mbaineann rioscaí do-ghlactha agus na hoibleagáidí a bhaineann le samhlacha IS ilchuspóireacha infheidhme cheana féin. Le tionscnaimh amhail an Cód Cleachtais um an Intleacht Shaorga Ilchuspóireach[83], treoirlínte ón gCoimisiún[84] agus an Comhshocrú maidir leis an Intleacht Shaorga, tugtar soiléireacht maidir leis na rialacha is infheidhme agus maidir le tacaíocht dá gcur i bhfeidhm. Mar sin féin, léiríonn aiseolas ó na páirtithe leasmhara gurb iad éiginnteacht agus easpa treoraíochta na bacainní is

[83] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/contents-code-gpai
[84] D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte maidir le raon feidhme na n-oibleagáidí le haghaidh samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha, sainmhíniú ar an gcóras intleachta saorga agus cleachtais intleachta saorga a thoirmisctear faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.

mó ar chur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, rud a chuireann moill ar ghlacadh IS. Mar chuid den Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, cuirfidh an Coimisiún dlús lena iarrachtaí chun comhlíontacht leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a áirithiú.

Ar an gcéad dul síos, mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, bhunaigh an Coimisiún **Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga**[85], arb é atá ann mol chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ábhartha uile faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, chun nascleanúint a dhéanamh ar a ábhar, tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé agus freagraí saincheaptha a fháil ar aon cheist a bhaineann lena chur chun feidhme. Áirítear ann ardán faisnéise aonair ar a bhfuil uirlisí idirghníomhacha ag gabháil leis, go háirithe **seiceálaí comhlíontachta** chun cuidiú le páirtithe leasmhara a chinneadh an bhfuil siad faoi réir oibleagáidí dlíthiúla agus tuiscint a fháil ar na bearta is gá dóibh a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh.

Ar an dara dul síos, ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte breise maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Go háirithe, **oibreoidh an Coimisiún ar an méid seo a leanas mar thosaíocht:**

- **treoirlínte maidir le córais intleachta saorga a aicmiú mar chórais ardriosca.**
- **treoirlínte maidir le hidirghníomhú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga le dlíthe eile de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear reachtaíocht ábhartha ó earnálacha** (e.g. iompar, innealra, trealamh raidió).

Ar deireadh, tá líon mór Ballstát nach ndearna na húdaráis inniúla náisiúnta fhreagracha a chur ar bun go fóill. Cuirfidh an Coimisiún dlús leis an ngníomhaíocht chun a áirithiú nach gcuirfear cur chun feidhme rathúil an Ghnímh um an Intleacht Shaorga i mbaol leis na forbairtí sin.

## 4. Sásra rialachais aonair a bhunú

Ní tionscnamh ón mbarr anuas í an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, is iarracht chuimsitheach í. Chun idirphlé leanúnach maidir leis an intleacht shaorga a struchtúrú agus bealach a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara earnála chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gceapadh beartais IS, **déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **an Chomhghuaillíocht um an Intleacht Shaorga atá ann cheana a iompú ina fóram comhordúcháin do pháirtithe leasmhara[86] agus do lucht ceaptha beartas um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.** Trí pháirt a ghlacadh sa 'Chomhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga', beidh páirtithe leasmhara in ann a chur in iúl go poiblí gur spéis leo páirt a ghlacadh i sreafaí oibre earnála, agus rochtain dhíreach a fháil ar lucht ceaptha beartas chun tionchar, bacainní agus deiseanna a bhaineann le réitigh intleachta saorga earnála ar leith a phlé. Agus í ag feidhmiú mar **phointe iontrála**, oibreoidh an Chomhghuaillíocht i ndlúthchomhar agus go comhlántach leis na tionscnaimh chomhairleacha eile maidir leis an intleacht shaorga (lena n-áirítear

[85] https://ai-act-service-desk.ec.europa.eu
[86] I measc na bpáirtithe leasmhara faoi láthair tá comhlachas gnó nó comhlachas tomhaltóirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cuideachtaí, comhairleachtaí, saoránaigh, institiúidí airgeadais, comhlachtaí rialtais nó poiblí, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, comhpháirtithe sóisialta , institiúidí ollscoile / ardoideachais, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail reiligiúnacha nó fhealsúnacha.

tionscnaimh earnála, rialála agus taighde agus nuálaíochta), agus nascfaidh sí páirtithe leasmhara le pléití ábhartha[87]. Cumasóidh sí líonrú i measc piaraí agus idir soláthraithe agus úsáideoirí réiteach IS - mar shampla, forbróir uirlisí comhlíontachta a nascadh le glacadóirí féideartha. Beidh an **Oifig IS** oscailte do na hearnálacha uile, don lucht acadúil ábhartha agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus **reáchtálfaidh sí cruinnithe bliantúla chun beartais nuálaíochta um Intleacht Shaorga a phlé agus bunóidh sí boird earnála chun cur chun feidhme na straitéise a phlé agus faireachán a dhéanamh air.** Le comhar leanúnach idir an Chomhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, an Bord Eorpach um an Intleacht Shaorga agus an Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip, éascófar taighde luachmhar a uas-scálú chuig céim forbartha agus ar an margadh Eorpach a bhaint amach.

- **Faireachlann um an Intleacht Shaorga[88] a bhunú chun táscairí láidre a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na hintleachta saorga sna hearnálacha atá liostaithe faoi láthair agus in earnálacha amach anseo, chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar threochtaí** agus ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ann do mhargadh an tsaothair. Bunaithe ar na gníomhaíochtaí faireacháin, déanfaidh an Coimisiún togra, i gcomhthéacs na Deacáide Digití, maidir le sprioc infheistíochta poiblí agus príobháidí um IS[89]. Tacóidh an Fhaireachlann le pléití earnála a eagrú freisin. Úsáidfear í le haghaidh anailís agus cinnteoireacht pholaitiúil agus chun pobal IS agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí sa réimse.

Is é an Bord Eorpach um an Intleacht Shaorga, a bunaíodh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga[90], a bheidh fós ina phríomhfhóram plé leis na Ballstáit maidir leis an intleacht shaorga, agus cuirfear ar an eolas é go tráthrialta faoi na gníomhaíochtaí faoin gComhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Trí fhochumraíocht an Bhoird Eorpaigh um an Intleacht Shaorga maidir le nuálaíocht, leanfar de na hiarrachtaí faireachán a dhéanamh ar Straitéisí náisiúnta um an Intleacht Shaorga agus **malartú dea-chleachtas a éascú i measc na mBallstát, lena n-áirítear le haghaidh na hearnála poiblí**. Sa chomhthéacs sin, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a straitéisí náisiúnta um an intleacht shaorga a ailíniú leis an gcur chuige earnála a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht seo.**


---

[87]Cruthóidh sí, mar shampla, naisc le struchtúr rialachais na hAcmhainne d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip agus leis an gComhpháirtíocht Eorpach um IS, Sonraí agus Róbataic atá ann cheana. Ina theannta sin, beidh an Comhshocrú maidir leis an Intleacht Shaorga fós ina phríomhbhealach cumarsáide le páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna rialála, agus áiritheoidh an Coimisiún comhlántacht na n-ionchur.

[88]Bainfidh an Fhaireachlann um an Intleacht Shaorga úsáid as an staidreamh oifigiúil, i measc nithe eile, maidir le glacadh IS ag fiontair in earnálacha eacnamaíocha éagsúla agus as staidreamh eile maidir leis an tionchar IS ar an tsochaí, ar staidreamh iad a d'fhoilsigh Eurostat agus Ballstáit an Aontais cheana féin.

[89]Leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, agus i ndlúthchomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, d'fhorbair an Coimisiún modheolaíocht chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha san intleacht shaorga a thomhas, ar modheolaíocht í atá i gcomhréir le cur chuige an Aontais i leith beartas IS (https://www.oecd.org/en/publications/advancing-the-measurement-of-investments-in-artificial-intelligence_13e0da2f-en.html).

[90]Is é éiceachóras nuálaíochta IS an Bhoird Eorpaigh um an Intleacht Shaorga an phríomh-mheitheal a bheidh ag déileáil le cur chun feidhme na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Déanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an Phlean Comhordaithe maidir leis an Intleacht Shaorga agus ailíneofar iad le hábhar na Straitéise sin. Leanfaidh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí de bheith ina phríomhfhóram chun saincheisteanna a bhaineann le sonraí a phlé, chun tacú leis an intleacht shaorga agus leis an gcreat beartais dhigitigh níos leithne.




Measann an tAontas gur teicneolaíocht straitéiseach dhomhanda í an intleacht shaorga agus cuireann sé é féin chun cinn mar chomhpháirtí iontaofa, comhoibritheach agus réamhghníomhach ar mian leis dea-shampla a thabhairt agus comhoibriú go hidirnáisiúnta fad a chosnaíonn sé a leasanna, a shlándáil agus a luachanna. Leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo, tógfar agus leathnófar ar bhonn daingean an chomhair dhéthaobhaigh agus na rannpháirtíochta gníomhaí sna fóraim agus tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha uile maidir le IS (G7, G20, an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um an Intleacht Shaorga, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, Comhairle na hEorpa, Líonra na nInstitiúidí um Shábháilteacht agus Slándáil IS, cruinnithe mullaigh IS agus córas na Náisiún Aontaithe)[91]. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun sreafaí iontaofa sonraí trasteorann a dhaingniú - gné bhunriachtanach d'fhorbairt IS - le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo i gcomhaontuithe trádála déthaobhacha agus ilpháirtithe agus in G7, G20 agus san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Ina theannta sin, tacaíonn an tAontas le teicneolaíochtaí intleachta saorga a théann chun tairbhe do shochaithe agus a shaothraíonn IS ar mhaithe le beartais um leas an phobail[92].

Mar gheall ar athruithe sa timpeallacht dhomhanda, is mó ná riamh an tábhacht agus an gá atá le rannpháirtíocht theanntásach maidir le IS, lena n-áirítear i gcomhréir lenár gcomhghuaillithe is dlúithe, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar ngá sin. Fágann spleáchais sheachtracha chruach IS a d'fhéadfaí a chur in oiriúint le húsáid i gcogadh agus, ar an gcaoi sin, a mhéadaíonn na rioscaí do shlabhraí soláthair ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit, go bhfuil sé ríthábhachtach don Aontas Eorpach dlús a chur lena iarrachtaí. Dá réir sin, tá an tAontas ag obair go dlúth lena Bhallstáit ar shraitheanna éagsúla oibre slándála eacnamaíche, lena n-áirítear Prionsabal um an tSlándáil Eacnamaíoch atá ar na bacáin, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin[93].

Is mórathrú ar iarrachtaí an Aontais chun an athléimneacht a neartú iad tionscnaimh de chuid an Aontais le déanaí, go háirithe Monarchana IS agus Gigeamhonarchana IS. Tá na tionscnaimh sin, mar aon leis méadú mór ar infheistíocht i réimse na hintleachta saorga ceannródaíche,

[91] Ag tógáil ar ghlacadh an Chomhshocraithe Dhigitigh Dhomhanda i mí Mheán Fómhair 2024, tacaíonn an Coimisiún Eorpach (i) leis an Idirphlé Domhanda maidir le Rialachas IS, a eagraíodh faoi chuimsiú Sheachtain Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2025, lena n-áirítear a chuspóirí chun cuidiú le córais IS atá sábháilte, slán agus iontaofa a thógáil agus (ii) an Painéal Eolaíoch Neamhspleách Idirnáisiúnta maidir leis an Intleacht Shaorga a chruthú.

[92] Mar shampla, tá baint ag an gCoimisiún leis an Mol um Intleacht Shaorga don Fhorbairt Inbhuanaithe (https://www.aihubfordevelopment.org/).

[93] https://commission.europa.eu/document/download/4047c277-f608-48d1-8800-dcf0405d76e8_en

tábhachtach d'ullmhacht an Aontais. Chomh maith leis an maoirseacht a dhéanann an Oifig IS i gcomhthéacs an Ghnímh um an Intleacht Shaorga chun dúshláin sábháilteachta a mhaolú, comhoibríonn an tAontas go hidirnáisiúnta chun dul i gcomhar agus contúirtí ó úsáideoirí mailíseacha a chomhrac. Bainfidh sé leas as sócmhainní agus láidreachtaí straitéiseacha an Aontais agus cuirfidh sé leo - amhail tallann, taighde, neart tionsclaíoch (lena n-áirítear sonraí tionsclaíocha) agus a mhargadh aonair mór le rialacha aonfhoirmeacha - agus cuirfidh sé iad sin in úsáid go hidirnáisiúnta mar chuid de thairiscint teicneolaíochta an Aontais chun comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a thógáil ar fud an domhain, mar a léirítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach le déanaí maidir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach[94]. Tabharfar aird ar leith ar an acmhainneacht maidir le comhtháthú IS agus comhar comhthairbheach leis na tíortha is iarrthóirí agus leis na comharsana is gaire dóibh, a bheidh bainteach le cur chun feidhme na Straitéise.

## 5. Conclúid

Ceapadh an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga chun tacú le tionscail agus leis an earnáil phoiblí tuiscint níos fearr a fháil ar an méid is féidir leis an intleacht shaorga a dhéanamh, ar an áit a bhfuil sí éifeachtach agus ar an gcaoi ar féidir léi buntáiste iomaíoch a thabhairt. Tugann sí spreagadh d'eagraíochtaí an intleacht shaorga a chur in áit níos suntasaí ina n-iarrachtaí fadhbanna a réiteach. Trí ghníomhaíochtaí beartais trasnaí agus earnála a mholadh, cuirtear teimpléad ar fáil sa Straitéis chun tacú le réitigh IS ábhartha a chur in úsáid agus a scálú. Trí shásra rialachais aonair a bhunú, spreagfaidh an Straitéis idirphlé idir lucht ceaptha beartas agus pobail na n-earnálacha éagsúla. Trí ionstraimí a bhaineann leis an intleacht shaorga a nascadh agus a neartú, feidhmeoidh sí mar threoirphlean chun IS a ghlacadh agus a chomhtháthú go hiomlán in earnálacha straitéiseacha an Aontais, as a dtiocfaidh neartú Mhór-Roinn na hIntleachta Saorga.

[94] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/joint-communication-international-digital-strategy-eu